PREASRÁITEAS **Faoi chosc go dtí an 20 Iúil, 7:00 r.n.**

Tuarascáil Faireacháin Oifig an Choimisinéara Teanga, 2020/21 foilsithe

Príomhphointí:

- Ní raibh aon údarás áitiúil a scrúdaíodh ag cloí go hiomlán leis na gealltanais a bhí tugtha acu maidir lena suíomhanna gréasáin agus lena seirbhísí idirghníomhacha.

- Leibhéil éagsúla ghéilliúlachta le sonrú i measc na mBord Oideachais & Oiliúna maidir leis na dualgais reachtúla atá orthu faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

- Fáilte curtha ag an gCoimisinéir Teanga roimh an bhfianaise go bhfuil gníomhartha curtha i bhfeidhm ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar na láithreacha ar bronnadh rátáil mhíshásúil orthu in 2019 maidir le comharthaíocht ag láithreacha oidhreachta.

- Fógra tugtha go bhfuil tuarascáil le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais maidir le heaspa cur i bhfeidhm moltaí imscrúdaithe a bhain le córas Eircode.

Dúirt an Coimisinéir Teanga gur léirigh Tuarascáil Faireacháin 2020/21 go raibh roinnt údaráis áitiúla nach ndeachaigh i mbun gnímh lena Oifig le linn a cuid oibre faireacháin agus go mbeadh sé ag meabhrú dóibh an dualgas reachtúil atá orthu comhoibriú leis agus é i mbun a chuid feidhmeanna.

Dúirt Rónán Ó Domhnaill:

> *"Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla is féidir liom imeachtaí i leith ciona a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh sa chás go gcuirtear bac orm mo chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Níor baineadh úsáid as an bhforáil ábhartha sin d'Acht na dTeangacha Oifigiúla ó bunaíodh an Oifig ach i bhfianaise easpa comhoibrithe ó roinnt údaráis áitiúla d'fhéadfadh nach mbeadh de rogha agam ach tabhairt faoin gníomh tromchúiseach sin gan mhoill."*

Dúirt an Coimisinéir Teanga freisin gur údar díomá dó gur léiríodh in obair faireacháin a Oifige nár cuireadh moltaí a rinne sé maidir le húsáid logainmneacha Gaeltachta do chóras Eircode i bhfeidhm go sásúil agus go mbeadh tuarascáil ar an ábhar á cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Dúirt Rónán Ó Domhnaill go raibh súil aige, nuair a achtófar Bille Teanga nua, go mbeidh deis aige faireachán a dhéanamh ar achtacháin eile a bhaineann le cúrsaí teanga seachas Acht na dTeangacha amháin.

> *"Ba chóir go mbeadh deis ann, le hachtú an Bhille nua, faireachán níos uileghabhálaí a dhéanamh ná mar a cheadaítear don Choimisinéir Teanga faoin Acht reatha. Thabharfadh sé seo deis faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm reachtaíochta teanga a bhaineann le cúrsaí oideachais, craolacháin, pleanála agus iompair i measc nithe go leor eile"*, a dúirt sé.

Tá fáil ar an Tuarascáil Faireacháin iomlán anseo.

Tuilleadh eolais: 091 504006
eolas@coimisineir.ie
@ceartateanga